C/2024/586

4.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11399 — AXEL JOHNSON / DUSTIN)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/586)

1. An 20 Nollaig 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Axel Johnson AB ('Axel Johnson', an tSualainn), agus

— Dustin Group AB ('Dustin', an tSualainn).

Gheobhaidh Axel Johnson rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Dustin ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa gnó faoi úinéireacht teaghlaigh é Axel Johnson a dhíríonn ar infheistíochtaí fadtéarmacha. Tá cúig chuideachta á rialú ag Axel Johnson faoi láthair, cuideachtaí atá gníomhach in earnálacha éagsúla amhail bia, fuinneamh, TF agus tionscal. Ina theannta sin, go dtí le déanaí is ag Axel Johnson a bhí tuairim is 34 % de na vótaí in Dustin.

— Is soláthraí táirgí, seirbhísí agus réitigh TF é Dustin agus tá sé gníomhach sa réigiún Nordach agus in Benelux. Soláthraíonn Dustin táirgí crua-earraí (lena n-áirítear ríomhairí, gutháin phóca, printéirí agus gabhálais ríomhaire amhail scáileáin taispeána, luchóga, méarchláir agus cáblaí) ó sholáthróirí agus brandaí éagsúla, chomh maith le bogearraí agus seirbhísí réitigh TF gaolmhara.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11399 — AXEL JOHNSON / DUSTIN

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË